snas.ie

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

# FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ
## TEAGASC AR LÍNE

## AN CLÁR BÁN IDIRGHNÍOMHACH
# CLEACHTADH STÓR FOCAL




### Aidhm

Cleachtadh stór focal.

Ag baint úsáide as an uirlis ‘Annotate’ ar Zoom chun an focal corr i ngrúpaí focal a aimsiú.

### Treoir

Scríobh grúpaí focal bainteach le topaic an ranga sa chlár bán idirghníomhach agus abair leis na foghlaimeoirí úsáid a bhaint as na huirlisí stampála atá istigh in ‘annotate’ ar Zoom chun an focal corr i ngach grúpa a mharcáil. Iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla míniú a thabhairt ar cén fáth a roghnaigh siad an focal corr.
Sampla: ‘múinteoir/léachtóir/feirmeoir’: ‘roghnaigh mise ‘feirmeoir’ mar fhocal corr mar oibríonn múinteoir agus léachtóir laistigh, ach oibríonn an feirmeoir amuigh faoi aer’.

### Forbairt / Nótaí

Is féidir an cleachtadh seo a chur in oiriúint do bhunrang le habairtí simplí. Sampla: Grúpa focal: ‘altra’, ‘dochtúir’, ‘meicneoir’. Abairtí samplacha: ‘Is altra mé, oibrím in ospidéal’/’Is dochtúir mé oibrím in ospidéal freisin’/ach ‘Is meicneoir mé, oibrím i ngaráiste’.
Is féidir é a chur in oiriúint do na hardranganna le focail atá níos deacra agus le cinn a bhfuil sé níos deacra idirdhealú a dhéanamh eatarthu: ‘teiripeoir urlabhra, ‘síceolaí’ agus ‘máinlia’, cuir i gcás.